AGUISÍN C

TEIMPLÉAD SCAGTHA AR CHOMHIONANNAIS AGUS CHEARTA DAONNA

An tAonad Treorach Comhionannais agus Comhordaithe
Seomra G2, Teach Rathgael
Folíne: 59686/59472
equality@deni.gov.uk

TEIMPLÉAD SCAGTHA

Féach Nótaí Treorach an Teimpléid Scagtha le tuilleadh eolais a fháil ar ‘cad chuige’, ‘cad é’, ‘cá huair’ agus ‘cé’ i dtaca le scagadh de, i gcomhair eolais chúlra ar an reachtaíocht ábhartha agus i gcomhair cuidithe leis na ceisteanna ar an teimpléad seo a fhreagairt (lean na naisc).

(1) EOLAS FAOIN BHEARTAS/CHINNEADH

1.1 Teideal an bheartais/chinnidh

Rialacháin (Cúiteamh i leith Iomarcaíochta agus Luathscoir) do Mhúinteoirí (TÉ) 2009 agus Rialacháin i leith Pinsean do Mhúinteoirí (Leasú) (TÉ) 2009.

1.2 Cur síos ar an bheartas/chinneadh

Is é cuspóir na reachtaíochta nua bearta a thabhairt isteach le costais fhormhéadaitheacha Scéim Chúiteamh Luathscoir do Mhúinteoirí a rialú. Chuir Roinn Achtúire an Rialtas in iúl i 2005 (agus d’ardaigh líon na luathscor go mór ón am sin) go mbeadh méadú mór sna ranníocaíochtaí – corradh le £60m sa bhliain – riachtanach dá mbeadh costas luathscoir le fanacht mar fhiachas scéim na bpinsean; agus tharraing na socruithe reatha cáineadh géar ó Choiste na gCuntas Poiblí.

Tabharfaidh an reachtaíocht nua isteach socruithe le múinteoirí a chúiteamh as luathscor atá den mhórchuid mar a gcéanna le socruithe sna scéimeanna inchomparáide in Albain agus i Sasain agus an Bhreatain Bheag. Is é éifeacht na rialachán nua go mbeidh fostóirí faoi dhliteanas i leith chostas luathíocaíocht shochair phinsean neamhlaghdaithe i gcásanna inar thoiligh siad luathscor a cheadú, le cois chostas aon bhreisiúcháin “blianta de bhreise”. Ciallaíonn seo nach n-íocfaidh Scéim na bPinsean ach costas sochar fabhraithe ó 2009 i.e. méid pinsin agus cnapshuime atá laghdaithe go hachtúireach do mhúinteoirí atá ag dul ar luathscor. Íocfaidh an fostóir costas iarmhéid an phinsin bhliantúil agus na cnapshuime, agus aon chreidmheas seirbhíse breise san áireamh. Cuirfidh an scéim ceanglas ar fhostóirí íocaíocht aitheantais chostas iomlán caipitlithe (saoil) aon chúitimh is mian leo a íoc, a dhéanamh.

Ceadóidh na rialacháin fosta d'fhostóirí scaoilíocaíocht bhreisithe suas le tuarastal 104 seachtain de rogha ar luathscor do mhúinteoirí idir 50 agus 60 bliain d'aois (idir 55 agus 65 ó 2010). Ghlacfaí lena leithéid d'íocaíochtaí mar chomhlíonadh chuid de dhualgas reachtúil fostóra cúiteamh iomarcaíochta a íoc. Bheadh scaoilíocaíochtaí breisithe fosta ar fáil do mhúinteoirí nach bhfuil i dteideal, de thairbhe a n-aoise, íocaíocht láithreach phinsin a fháil. Is tábhachtach a thabhairt do d'aire go mbeadh roghanna Luathscoir agus scaoilíocaíochta breisithe comheisiach agus ó Aibreán 2010 go n-ardófar an íosaois ag ar féidir pinsean a íoc go 55 bliain

1.3 Na príomhpháirtithe leasmhara a rachfar i bhfeidhm orthu

Is iad na príomhpháirtithe leasmhara a rachfar i bhfeidhm orthu baill na scéime pinsin do mhúinteoirí, a bhfostóirí agus a n-ionadaithe.

1.4 Cé atá freagrach as an beartas (a) a cheapadh agus (b) a chur i bhfeidhm?

Ba é Brainse Beartais ar Idirbheartaíocht le Múinteoirí agus Pinsin do Mhúinteoirí na Roinne Oideachais a cheap an beartas agus a dhréachtaigh an reachtaíocht. Beidh fostóirí mhúinteoirí freagrach as a chur i bhfeidhm.

1.5 Beartais/cinntí eile a bhfuil baint acu leis an bheartas/chinneadh seo.

Aon cheann

(2) SCAGADH AN BHEARTAIS/CHINNIDH

2.1 I dtéarmaí na n-aicmí faoi Roinn 75, cad é comhdhéanamh na ndaoine a dtéann an beartas/cinneadh i bhfeidhm orthu?

Grúpa	***Tabhair sonraí, le do thoil***
Inscne	Rachaidh an beartas i bhfeidhm ar mhúinteoirí/léachtóirí de gach inscne. I mí Lúnasa 2008 ba é 62.33% baineann agus 37.67 fireann an miondealú aoise díobh siúd thar 50 bliain d'aois. Léiríonn na figiúirí luathscoir (bliain airgeadais 2007/08) glacadh luathscoir 61.3% baineann agus 38.7% fireann.
Aois	Ar an ábhar go mbaineann an beartas seo le luathscor féadann sé go mbeidh tionchar bainteach le haois ann.
Creideamh	Níl aon fhianaise ann go mbeidh tionchar míchuí ag an bheartas seo ar bhaill den ghrúpa seo.
Dearcadh Polaitiúil	Níl aon fhianaise ann go mbeidh tionchar míchuí ag an bheartas seo ar bhaill den ghrúpa seo.
Stádas Pósta	Níl aon fhianaise ann go mbeidh tionchar míchuí ag an bheartas seo ar bhaill den ghrúpa seo.
Stádas Cleithiúnach	Níl aon fhianaise ann go mbeidh tionchar míchuí ag an bheartas seo ar bhaill den ghrúpa seo.
Míchumas	Níl aon fhianaise ann go mbeidh tionchar míchuí ag an bheartas seo ar bhaill den ghrúpa seo.
Eitneachas	Níl aon fhianaise ann go mbeidh tionchar míchuí ag an bheartas seo ar bhaill den ghrúpa seo.
Claonadh Gnéasach	Níl aon fhianaise ann go mbeidh tionchar míchuí ag an bheartas seo ar bhaill den ghrúpa seo.

2.2 An bhfuil aon tásc nó aon fhianaise rannpháirtíochta nó glactha níos airde nó níos ísle ag grúpaí éagsúla?

Grúpa	***Tá/níl/ní fios***	***Tabhair sonraí, le do thoil***

Inscne	Tá	Tá glacadh rud beag níos airde ann ag múinteoirí fireanna i gcomórtas le líon na múinteoirí incháilithe. Ba dhóiche aon tionchar a bheadh ann a bheith neamhbhríoch.
Aois	Tá	Ar an ábhar nach dtitfidh costas luathscoir feasta ar an Scéim Pinsean do Mhúinteoirí, is dóiche go mbeidh laghdú mór i líon na ndaoine a dtairgfidh na húdaráis fhostaithe cúiteamh dóibh agus, mar sin de, i líon na ndeonacha i gcomhair iomarcaíochta. (Chonacthas an patrún seo nuair a tugadh a mhacasamhail de shocruithe i dtaca le costas iomlán luathscoir de isteach sa Bhreatain Mhór corradh le 10 mbliana ó shin). Amach anseo, muna bhfuil fostóirí in ann go leor deonacha a aimsiú i gcomhair iomarcaíochta, is féidir go mbeidh méadú ann i líon na n-iomarcaíochtaí éigeantacha. Is féidir, mar sin de, go n-éireoidh próifíl aoise mhúinteoirí iomarcacha níos measctha – nó san aoisréimse níos óige den mhórchuid – in áit mhúinteoirí níos sine (50+) uilig beagnach, mar atá faoi láthair. Léiríonn fianaise a bhailigh[1] an Rialtas, áfach, go bhfuil claonadh ann nach mbíonn oibrithe níos óige i bhfad as obair agus nuair a athraíonn siad post nach mbíonn ach ísliú beag pá i gceist. Os a choinne sin, is dóiche i bhfad oibrithe níos sine a bheith dífhostaithe go fadtéarmach agus ísliú mór pá a bheith i gceist má fhaigheann siad post nua. Bheadh scaoilíocaíochtaí breisithe fosta ar fáil do mhúinteoirí nach bhfuil i dteideal, de thairbhe a n-aoise, íocaíocht láithreach phinsin a fháil. Mar atá amhlaidh sa Bhreatain Mhór, fanfaidh an fhreagracht ar na húdaráis fhostaithe iad féin a shásamh gur féidir leo seasamh, go hoibiochtúil, le aon difear in íocaíochtaí cúitimh do dhaoine nach ionann aois nó inscne dóibh a bhfuiltear ag cur deiridh lena bhfostaíocht go luath.
Creideamh	Níl	
Dearcadh Polaitíuil	Níl	
Stádas	Níl	

Pósta		
Stádas Cleithiúnach	Níl	
Míchumas	Níl	
Eitneachas	Níl	
Claonadh Gnéasach	Níl	

_____

[1] An Roinn Fostaíochta agus Foghlama, Leabhrán Cearta Daonna ER3 ("Teidlíocht Iomarcaíochta – Cearta Reachtúla.")

2.3 An bhfuil aon tásc nó aon fhianaise ann go bhfuil riachtanais, eispéiris, ceisteanna agus tosaíochtaí éagsúla ag grúpaí éagsúla i dtaca leis an bheartas/chinneadh de?

Grúpa	***Tá/Níl/Ní fios***	***Tabhair sonraí. le do thoil***
Inscne	Níl	Níl aon fhianaise ann go bhfuil riachtanais, eispéiris, ceisteanna agus tosaíochtaí éagsúla ag an ghrúpa seo i dtaca leis an bheartas/chinneadh de.
Aois	Níl	Níl aon fhianaise ann go bhfuil riachtanais, eispéiris, ceisteanna agus tosaíochtaí éagsúla ag an ghrúpa seo i dtaca leis an bheartas/chinneadh de.
Creideamh	Níl	Níl aon fhianaise ann go bhfuil riachtanais, eispéiris, ceisteanna agus tosaíochtaí éagsúla ag an ghrúpa seo i dtaca leis an bheartas/chinneadh de.
Dearcadh Polaitiúil	Níl	Níl aon fhianaise ann go bhfuil riachtanais, eispéiris, ceisteanna agus tosaíochtaí éagsúla ag an ghrúpa seo i dtaca leis an bheartas/chinneadh de.

Stádas Pósta	Níl	Níl aon fhianaise ann go bhfuil riachtanais, eispéiris, ceisteanna agus tosaíochtaí éagsúla ag an ghrúpa seo i dtaca leis an bheartas/chinneadh de.
Stádas Cleithiúnach	Níl	Níl aon fhianaise ann go bhfuil riachtanais, eispéiris, ceisteanna agus tosaíochtaí éagsúla ag an ghrúpa seo i dtaca leis an bheartas/chinneadh de.
Míchumas	Níl	Níl aon fhianaise ann go bhfuil riachtanais, eispéiris, ceisteanna agus tosaíochtaí éagsúla ag an ghrúpa seo i dtaca leis an bheartas/chinneadh de.
Eitneachas	Níl	Níl aon fhianaise ann go bhfuil riachtanais, eispéiris, ceisteanna agus tosaíochtaí éagsúla ag an ghrúpa seo i dtaca leis an bheartas/chinneadh de.
Claonadh Gnéasach	Níl	Níl aon fhianaise ann go bhfuil riachtanais, eispéiris, ceisteanna agus tosaíochtaí éagsúla ag an ghrúpa seo i dtaca leis an bheartas/chinneadh de.

2.4 An dóiche go riarfaidh an beartas/cinneadh do na riachtanais sin?

Grúpa	***Tá/Níl/Ní fios***	***Tabhair sonraí go hachomair, le do thoil***
N.B lean mar is cuí .		

2.5 Cad é an t-aiseolas, na gearáin, staitisticí, suirbhéanna, tuarascálacha taighde, comhairliúcháin roimhe seo, nó an t-eolas breise eile atá ar fáil leis an bheartas/na feidhme seo a mheas agus a scagadh?

Fuarthas sonraí ó chórais ríomhaireachta párolla agus pinsin múinteoirí faoi phróifíl aoise agus inscne múinteoirí reatha agus múinteoirí a bhain feidhm as na socruithe luathscoir roimhe seo.

2.6 An bhfuil deis ann comhionannas deise nó caidreamh maith a chur chun cinn níos fearr trí athrú sa bheartas/chinneadh nó trí oibriú le daoine/grúpaí eile sa rialtas nó sa phobal i gcoitinne?

Grúpa	***Moltaí***
Aois	Níl aon deis ann comhionannas deise nó caidreamh maith a chur chun cinn níos fearr trí athrú sa bheartas/chinneadh nó trí oibriú le daoine/grúpaí sa rialtas nó sa phobal i gcoitinne.
N.B. *lean mar is cuí*	

2.7 Cad é na hathruithe sa bheartas/chinneadh – má tá aon cheann ann – nó cad é na bearta breise a mholfá lena chinntiú go gcuireann sé caidreamh maith chun cinn?

Grúpa	***Moltaí***
Creideamh	N/B
Dearcadh Polaitiúil	N/B
Eitneachas	N/B

2.8 An bhfuil aon fhianaise ann a thugann le tuiscint nó ar thug comhairliúcháin roimhe seo le grúpaí, eagraíochtaí nó daoine

aonair ábhartha le tuiscint go gcruthaíonn beartais ar leith fadhbanna a bhaineann leo go sainiúil?

Níl aon fhianaise ó ghrúpaí, eagraíochtaí ná dhaoine aonair ábhartha a thug le tuiscint go gcruthaíonn an beartas seo fadhbanna a bhaineann leo go sainiúil.

2.9 Sonraigh, le do thoil, cad é na sonraí a bhaileoidh tú amach anseo le monatóireacht a dhéanamh ar thionchar an bheartais/chinnidh ar aon cheann de na grúpaí faoi Roinn 75?

Baileofar sonraí ar bhonn bliantúil ar thionchar an athraithe sa bheartas ar inscne, phróifíl aoise agus líon na luathscor.

(3) AR CHÓIR DON BHEARTAS/CHINNEADH A BHEITH FAOI RÉIR MEASÚNAITHE TIONCHAIR AR AN CHOMHIONANNAS?

Tá nósanna imeachta measúnaithe tionchair ar an chomhionannas teoranta do na beartais/cinntí sin a meastar gur dóiche go mbeadh impleachtaí suntasacha/móra acu do chomhionannas deise.

Má thug do scagadh le tuiscint gur dóiche go mbeidh tionchar díobhálach difreálach ag beartas/cinneadh, cad é mar a chatagóireofá é?
Cuir tic, le do thoil.

Tionchar suntasach/mór	
Tionchar beag	X

An measann tú go bhfuil feidhm le measúnú iomlán tionchair ar an chomhionannas a dhéanamh ar an bheartas/chinneadh seo?

Measaim	
Ní mheasaim	X

Tabhair fáthanna le do chinneadh, le do thoil: Ba dhóiche aon tionchar a bheadh ann a bheith neamhbhríoch.

(4) IDIRDHEALÚ AR BHONN MÍCHUMAIS

4.1 An gcuireann an beartas/cinneadh seo ar dhóigh ar bith beaguchtach ar dhaoine míchumasaithe a beith páirteach sa tsaol phoiblí nó an dteipeann air meon dearfach i leith daoine míchumasaithe a chur chun cinn?

Ní chuirfidh an beartas/cinneadh ar dhóigh ar bith beaguchtach ar dhaoine míchumasaithe a bheith páirteach sa tsaol phoiblí nó ní theipeann air meon dearfach i leith daoine míchumasaithe a chur chun cinn.

4.2 An bhfuil deis ann dearcadh dearfach i leith daoine míchumasaithe a chur chun cinn níos fearr nó a bpáirtíocht sa tsaol phoiblí a ghríosú trí athruithe a dhéanamh sa bheartas/chinneadh nó bearta breise a thabhairt isteach?

Níl aon deis ann dearcadh dearfach i leith daoine míchumasaithe a chur chun cinn níos fearr nó a bpáirtíocht sa tsaol phoiblí a ghríosú trí athruithe a dhéanamh sa bheartas/chinneadh nó bearta breise a thabhairt isteach.

4.3 Sonraigh, le do thoil, na sonraí a bhaileoidh tú amach anseo le monatóireacht a dhéanamh ar thionchar an bheartas/chinnidh i dtaca leis na dualgais mhíchumais de?

N/B

BREITHNIÚ AR CHEARTA DAONNA

5.1 An rachaidh an beartas/cinneadh i bhfeidhm ar Chearta Daonna aon duine? [COMHLÁNAIGH AN TÁBLA THÍOS, LE DO THOIL]

ALT	TIONCHAR DEARFACH	TIONCHAR DIÚLTACH = bac a chur ar Cheart Daonna nó é a thoirmeasc	TIONCHAR NEODRACH
Alt 2 – Ceart chun na beatha			x
Alt 3 – Ceart ar shaoirse ó chéasadh, íde nó phionós atá mídhaonna nó táireach			x
Alt 4 – Ceart ar shaoirse ó sclábhaíocht, dhaoirse agus obair éageantais nó éigeantach			x

Alt 5 – Ceart ar shaoirse agus shlándáil pearsan			X
Alt 6 – Ceart ar thriail chóir, phoiblí taobh istigh d'am réasúnta			X
Alt 7 – Ceart ar shaoirse ó dhlí coiriúil cúlghabhálach agus ar shaoirse ó phionós gan dlí.			X
Alt 8 – Ceart ar mheas ar shaol príobháideach agus teaghlaigh, bhaile agus chomhfhreagras.			X
Alt 9 – Ceart ar shaoirse smaointeoreachta, coinsiasa agus creidimh			X
Alt 10 – Ceart ar shaoirse cainte			X
Alt 11 – Ceart ar shaoirse cruinnithe agus comhlachais			X
Alt 12 – Ceart pósta agus teaghlach a bhunú			X
Alt 14 – Ceart coisc ar idirdhealú i dteachtadh chearta an choinbhinsiúin			X
I^{ú} prótacal Alt 1 – Ceart ar theachtadh síochánta sealúchas agus chosaint maoine			X
I^{ú} prótacal Alt 2 – Ceart ar theacht ar oideachas			X

Más dearfach nó neodrach an tionchar a d'aithin tú, gabh ar aghaidh chuig ***Ceist 5.3, le do thoil.***

5.2 Má d'aithin tú tionchar is dóiche a bheith diúltach, cé air a dtéann sé i bhfeidhm agus cad é an dóigh?

Ag an chéim seo mholfaimis go racfá i gcomhairle le do bhainisteoir líne lena shocrú ar chíor comhairle dlí a iarraidh agus na torthaí a chur chuig an Aonad Treorach Comhionannais agus Comhordaithe go mbreithní siad:

- *an bhfuil dlí ann a cheadaíonn duit bac a chur ar chearta nó iad a shrianadh*
- *an bhfuil an bac nó an srian riachtanach agus comhréireach*
- *cad é an beart a bheadh riachtanach le leibhéal an bhaic nó an tsriain a laghdú le cloí leis an Acht um Chearta Daonna (1998).*

5.3 Tabhair breac-chuntas ar aon bhearta a d'fhéadfaí a dhéanamh le feasacht ar chearta daonna a chur chun cinn nó a ardú nó le comhlíonadh na reachtaíochta a chinntiú i dtaca leis an bheartas/chinneadh de.

Chuathas i gcomhairle le fostóirí agus le ceardchumainn mhúinteoirí faoi na hathruithe sa bheartas.

Beartas/Cinneadh Scagtha ag: **L M MAWHINNEY**
(Ceannaire an Bhrainse)

Dáta: **28/01/09**

LE COMHLÁNADH AG AN AONAD TREORACH COMHIONANNAIS AGUS COMHORDAITHE

Cáilíocht Dearbhaithe ag: Richard Magowan Dáta: 29/01/09

Scagadh Amach Aontaithe

Ráitis: Aontaíodh ar an bheart, nó tá na Rialacháin atá beartaithe ag cur lena mhacasamhail de bhearta sa Bhreatain Mhór agus tugann siad aird ar cháineadh ón CCP. Lena chois sin, cuirfidh an brainse freagairtí a gheofar sa chomhairliúchán atá le teacht san áireamh.

Dáta ar Cuireadh in Iúl don Rannóg/Bhrainse: 29/01/09

Má Scagtar Amach:

Tús an Chomhairliúcháin: 20/03/09

Deireadh an Chomhairliúcháin:* 15/05/09

Curtha ar an Idirlíon ag: Gillian Skimin Dáta: 19/03/09

Caithfidh an tréimhse chomhairliúcháin mairstin 8/12 seachtainí ar a laghad.

Na Príomhghrúpaí a Bhaineann le Catagóirí Roinn 75

Catagóir	**Príomhghrúpaí**
Creideamh reiligiúnach	Protastúnaigh; Caitilicigh; daoine a bhfuil creidimh neamh-Chríostaí acu; daoine nach bhfuil aon chreideamh reiligiúnach acu.
Dearcadh polaitiúil	Aontachtaithe i gcoitinne; Náisiúnaithe i gcoitinne; baill/lucht leanúna aon pháirtí polaitíochta.
Grúpa ciníoch	Daoine bána; Sínigh; Lucht Siúil na hÉireann; Indiaigh; Pacastánaigh; Banglaidéisigh; Afracaigh dhubha; daoine dubha Cairibeacha; daoine as grúpa eitneachais mheasctha
"Fir agus mná i gcoitinne"	Fir (agus gasúraí san áireamh); mná (agus girseacha san áireamh); daoine tras-inscne.
Stádas pósta	Daoine pósta; daoine gan pósadh; daoine colscartha nó scartha; daoine ar baintreacha iad.
Aois	Chun bunús gach críche, is iad na príomhchatagóirí: páistí faoi 18 mbliana, daoine idir 18-65 bliana, agus daoine thar 65 bliana. Ina dhiaidh sin, beidh ag an tsainmhíniú ar aoisghrúpaí le bheith íogair i dtaca leis an bheartas atá á bhreithniú de.
"Daoine a bhfuil míchumas orthu"	Sainmhínítear míchumas mar: ainimh nó éalaing mheabhrach, a bhfuil éifeacht substaintiúil díobhálach fhadtéarmach acu ar chumas duine gníomhaíochtaí laethúla a dhéanamh mar atá sainmhínithe in Ailt 1 agus 2 agus i Sceidil 1 agus 2 den Acht in aghaidh Idirdhealú Míchumais 1995.
"Daoine a bhfuil cleithiúnaithe acu"	Daoine a bhfuil freagracht phearsanta orthu as cúram páiste; daoine a bhfuil freagracht phearsanta orthu as cúram duine a bhfuil míchumas éagumasaitheach air; daoine a bhfuil freagracht phearsanta orthu as cúram cleithiúnaigh scothaosta.
Claonadh gnéasach	Heitrighnéasaigh; déghnéasaigh; homaighnéasaigh; leispiaigh.

Cuir cóip den Fhoirm Scagtha chomhlánaithe, le do thoil, chuig:

An tAonad Treorach Comhionannais agus Comhordaithe
Seomra G2, Teach Rathgael
Folíne: 59686/59472
equality@deni.gov.uk